

TALAMH GRAFTHA

Sa droch-shaoghal agus ina dhiaidh bhí daoine ag grafadh talmhan le haghaidh fataí. Sgraithidís an talamh le graiféad a dhéanadh an gabha dóibh. Déanamh an táil, mórán, a bhí air ach nach raibh sé chomh cam. Sgraitheadh fear an oiread lá leis nach sgraitheadh mór-sheisear le láidhe. Nuair a bhíodh an talamh sgraithte aca dhéanaidís róighíní beaga ar an gclais de na sgraitheacha.

Bhí cumraidheacht an iomaire fágtha idir na trinnsí aca. Romhairidís é sin, agus sháithidís na sgiolláin. Nuair a cheapaidís go raibh an sgraith tirim dhóighidís na sgraitheacha. Sgaraidís an luatha ar an iomaire nuair a bhídís a dul dá bhfóidiú agus sin é a mbeadh de leasú ar an fataí arís go mbainidís iad. Níor cuireadh tada i ndiaidh na bhfataí. Tá grafaí le feiceál ag bun gach cnuic i nDúthaigh Sheoigeach a bhfuil talamh cinealta ann. Tá cumraidheacht na n-iomairí le feiceál i gcomhnaidhe ann. I ndeire Bealtaine a dhóighidís na sgrathacha.

Chuala mé m'athair a rádh go raibh sé a' baint fhataí i mí na Samhna ar thalamh graftha. Chuaidh meach thart agus d'airigh m'athair í agus chonnaic sé í.

"Ní deagh-ghlór ar bith atá agad" adeir m'athair, "ní le maith ar bith a tháinig tú."

Bhí fhios aige go maith go raibh rud eicínt a' tigheacht i ndiaidh na meachan. Bhí na comharsannaí a' baint fhataí ar gach taobh de.

"Teighigí" ar seisean, "agus tógaigí na fataí, agus clúduigí iad." Bhí an tráthnóna chomh breagh agus dubhairt na comharsannaí nach dtogfaidís aon fhata anocht, bhí an oiread sin deifir ortha a' baint. Níor thógadar aon fhata an oidhche sin. Nuair a d'eirigh siad ar maidin ní raibh blas le feiceál aca ach sneachta. Bhí na talamh foluighthe ar fad. Níor fhéad siad aon fhata a bhaint go ceann míosa ina dhiaidh sin.